NUI Galway
OÉ Gaillimh

# Inbhuanaitheacht

## *Téarmaí Tagartha*

**Feabhra 2020**




# FOGHLAIM
# MAIR
# CEA

www.nuigalway.ie/sustainability

# Réamhrá

Leagadh amach fís do OÉ Gaillimh chun "*OÉ Gaillimh a chur chun cinn mar champas glas, cliste, agus folláin den scoth*". Is é Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh 2017-2020 an chéad chéim ar an turas chun an fhís sin a bhaint amach. D'fhorbair foireann an Tionscadail Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile an Straitéis tar éis próiseas rannpháirtíochta cuimsitheach bliana le pobal an champais.Tá **Ról an Oifigigh Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (SO)**, **Bord Ginearálta na Comhpháirtíochta Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (CUSP)**, **Bord Feidhmiúcháin CUSP** agus **Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile** bunaithe chun fís inbhuanaitheachta na hollscoile a stiúradh agus chun ról lárnach a bheith acu i seachadadh na straitéise agus i réiteach na chéad straitéise eile. Tugann **Bord Ginearálta CUSP** comhairle don Uachtarán Ionaid **agus Meabhránaí** trí **Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile*.*** Déanann **Bord Feidhmiúcháin CUSP** ionadaíocht ar **Bhord Ginearálta CUSP** ar **Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile*.*** Tuairiscíonn an ***tOifigeach Inbhuanaitheachta*** (SO) don **Mheabhránaí agus Uachtarán Ionaid** agus tacaíonn sé go díreach le **Bord Ginearálta CUSP**, le **Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile** agus le **Bord Feidhmiúcháin CUSP** ar gach ábhar a bhaineann le hinbhuanaitheacht an champais – *féach Fíor 1 Struchtúr Tuairiscithe Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh.* Leagtar amach sa cháipéis seo plean oibre agus struchtúr tuairiscithe an **Oifigigh Inbhuanaitheachta** agus cuspóir, eagrú agus ballraíocht **Bhord Ginearálta CUSP**, **Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile** agus **Bhord Feidhmiúcháin CUSP**. Déanfar athbhreithniú cúig bliana, faoi stiúir saineolaithe idirnáisiúnta inbhuanaitheachta in institiúid tríú leibhéal.




*Fíor 1* Struchtúr CUSP Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh

# Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile

## *Cuspóir*

- Maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar thiomantas na hOllscoile i leith inbhuanaitheachta mar a shonraítear i b*Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh, 2020-2025* agus i straitéisí eile ina dhiaidh sin.
- Tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2017-2020 agus ina dhiaidh sin.
- Ceannaireacht inbhuanaitheachta a léiriú trí chomhoibriú le comhaltaí foirne lárnacha i ngach disciplín chun comhairle a thabhairt ar thacaíocht agus acmhainní riachtanacha chun feidhmíocht inbhuanaitheachta a fheabhsú.
- Tabhairt faoi anailís straitéiseach ar ardleibhéal chun cuidiú le cinnteoireacht maidir le leithdháileadh acmhainní chun oibríochtaí inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud OÉ Gaillimh.
- Polasaithe, nósanna imeachta agus pleananna gníomhaíochta a bhaineann le hinbhuanaitheacht a mholadh le faomhadh agus le cur chun cinn. Tacú le hobair atá ar bun cheana féin i bhforbairt straitéisí chun pobal an champais agus príomhpháirtithe leasmhara eile a mhealladh.
- Ról lárnach a imirt i bhforbairt struchtúir láidre rialachais agus tacú le comhtháthú na hinbhuanaitheachta i ngnó laethúil ag gach leibhéal den Ollscoil.
- Maoirseacht a dhéanamh ar thuarascálacha eatramhacha inbhuanaitheachta a tháirgeadh agus tuairisciú go bliantúil chuig Foireann Bainistíochta na hOllscoile, an Chomhairle Acadúil, Coiste na Seirbhísí Tacaíochta agus na Coláistí.
- Feidhmiú mar Ambasadóirí Inbhuanaitheachta.
- Oibriú go dlúth le comhpháirtithe straitéiseacha seachtracha chun próifíl OÉ Gaillimh a ardú i measc dreamanna náisiúnta agus idirnáisiúnta lárnacha.
- Dul i mbun oibre thar ceann OÉ Gaillimh i líonra forásach ollscoileanna a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn.

## *Eagrú*

- Tá an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí ina c(h)athaoirleach ar Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile agus tá líne thuairiscithe dhíreach aige chuig Oifig an Mheabhránaí agus Uachtaráin Ionaid.
- Cuireann Bord Ginearálta CUSP agus an tOifigeach Inbhuanaitheachta comhairle ar Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile maidir le gach ábhar a bhaineann le tiomantas na hOllscoile d'inbhuanaitheacht.
- Tagann Bord Inbhuanaitheachta na hOllscoile le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad, uair amháin gach seimeastar.
- Cuirtear cóip de na miontuairiscí uile ar aghaidh chuig Foireann Bainistíochta na hOllscoile agus coimeádann Oifig an Mheabhránaí agus an Uachtaráin Ionaid iad. Foilsítear miontuairiscí ar láithreán gréasáin na hOllscoile.

## *Ballraíocht*

*Tá na comhaltaí seo a leanas ar Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile*:-

1. An tUachtarán Ionaid nó Ionadaí ainmnithe (Cathaoirleach)
2. An Príomhoifigeach Oibriúcháin
3. Leas-Uachtarán don Taighde agus Nuálaíocht (nó ainmní)
4. Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh
5. 3 Ionadaí Ainmnithe ó Bhord Ginearálta CUSP (is iad sin Cathaoirleach Bhord Ginearálta CUSP, SO & ionadaí eile ó Bhord Feidhmiúcháin CUSP)
6. Ionadaí ón Tionscnamh Eolais Pobail
7. Ionadaí/ionadaithe seachtrach(a) a bhfuil saineolas aige/aici/acu ar inbhuanaitheacht

# Bord Ginearálta CUSP

## *Cuspóir*

- An Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta Ollscoile a chur ar an eolas, comhairle agus moltaí a thabhairt dó maidir le gach ábhar a bhaineann le hinbhuanaitheacht campais, idir rialachas, pholasaí, acmhainní agus chur i bhfeidhm inbhuanaitheachta.
- Tuairisciú do Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile maidir le stádas feidhmíochta inbhuanaitheachta an champais.
- Tacú le cuspóirí, spriocanna agus bearta rathúlachta a leagadh amach i Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2017-2020 agus i straitéisí eile ina dhiaidh sin a bhaint amach, trí 7 ngrúpa oibre inbhuanaitheachta a bhunú atá ailínithe leis na téamaí Taighde & Foghlaim; Fuinneamh & Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa; Dúlra & Éiceachórais; Sláinte & Folláine; Timpeallacht Thógtha; Rialachas & Ceannaireacht; agus Cumarsáid & Rannpháirtíocht.
- Oibriú leis an ngrúpa oibre Taighde & Foghlama chun forbairtí i dteagasc agus i dtaighde inbhuanaitheachta a threorú, a spreagadh, tacú leo agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Oibriú leis na grúpaí oibre a bhaineann le Timpeallacht Thógtha, Fuinneamh agus Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa agus Dúlra agus Éiceachórais chun feidhmíocht inbhuanaitheachta oibríochta a fheabhsú.
- Oibriú leis an ngrúpa oibre Rialachais agus Ceannaireachta chun ceannaireacht a léiriú maidir le hinbhuanaitheacht agus comhairle a thabhairt agus idirchaidreamh a chur chun cinn le comhlachtaí seachtracha agus leis an bpobal áitiúil ar ábhair a bhaineann le hinbhuanaitheacht.
- Oibriú leis an ngrúpa oibre Cumarsáide agus Rannpháirtíochta chun straitéisí agus meicníochtaí cumarsáide a fhorbairt agus a chomhordú chun pobal an champais (comhaltaí foirne agus mic léinn) a spreagadh, a chur chun cinn agus a mhealladh go héifeachtach maidir le hinbhuanaitheacht.
- Tacú le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne a bhaineann le hinbhuanaitheacht.
- Eolas agus aiseolas ar éachtaí, uirlisí agus dúshláin inbhuanaitheachta a scaipeadh.
- Tacú le forbairt inbhuanaitheachta ar mhaithe le buntáiste iomaíoch na hOllscoile – in earcaíocht, bailiú airgid, bainistíocht airgeadais agus acmhainní, agus taighde maoinithe.
- Feidhmiú mar ambasadóirí inbhuanaitheachta laistigh agus lasmuigh den Ollscoil.

## *Eagrú*

- Cinnfidh Bord Ginearálta CUSP a struchtúr inmheánach féin, agus rialóidh sé trí chomhthoil nuair is féidir. Mura bhfuil comhthoil ann, beidh tromlach dhá thrian de chomhaltaí Bhord Ginearálta CUSP ag teastáil chun na téarmaí tagartha a athrú nó chun bearta oifigiúla eile a dhéanamh, lena n-áirítear toghcháin, faomhadh, atheagrú

struchtúrach, agus gach cinneadh eile.

Beidh fochoistí Bhord Ginearálta CUSP á rialú ar an gcaoi chéanna. Beidh gach cinneadh faoi réir athbhreithnithe ag Bord Comhairleach CUSP.

- Toghfaidh comhaltaí Bhord Ginearálta CUSP Cathaoirleach/Cathaoirligh ach próiseas daonlathach toghcháin a chur ar bun. Le bheith incháilithe le toghadh mar Chathaoirleach, caithfidh ról gníomhach a bheith ag an gcomhalta boird in obair Bhord Ginearálta CUSP ar feadh bliana ar a laghad.
- Cuirfidh an Cathaoirleach/na Cathaoirligh tofa téarma trí bliana isteach, gan dul thar dhá théarma ar a mhéad. Áireofar ar fhreagrachtaí an Chathaoirligh/na gCathaoirleach an clár oibre a leagan síos agus a dháileadh ar chomhaltaí roimh gach cruinniú, cruinnithe a éascú, agus fónamh mar idirchaidreamh do Bhord Ginearálta CUSP. Beidh an Cathaoirleach/na Cathaoirligh, ag obair i gcomhar leis an Oifigeach Inbhuanaitheachta, freagrach as ainmniúcháin a lorg do shuíocháin uile ar Bhord Ginearálta CUSP don téarma seirbhíse ina dhiaidh sin roimh an gcruinniú deiridh den téarma seirbhíse reatha. Beidh an Cathaoirleach/na Cathaoirligh freagrach freisin as an gcéad chruinniú Coiste a thionól sa téarma tar éis a théarma oifige.
- Beidh an tOifigeach Inbhuanaitheachta ina Rúnaí ar an mBord Ginearálta, agus beidh sé/sí freagrach as taifid agus miontuairiscí cruinnithe a choinneáil.
- Tá líne thuairiscithe dhíreach ag Bord Ginearálta CUSP do Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile.
- Beidh comhalta de Bhord Ginearálta CUSP ina c(h)athaoirleach ar gach ceann de na Grúpaí Oibre Inbhuanaitheachta.
- Caithfidh gach comhalta de Bhord Ginearálta CUSP fónamh go gníomhach ar cheann amháin nó níos mó de na Grúpaí Oibre Inbhuanaitheachta.
- Cuireann an tOifigeach Inbhuanaitheachta agus na Grúpaí Oibre Inbhuanaitheachta comhairle ar Bhord Ginearálta CUSP maidir le gach a bhaineann le hinbhuanaitheacht.
- Tagann Bord Ginearálta CUSP le chéile idir 4 agus 6 huaire in aghaidh na bliana.
- Cuirtear cóip de na miontuairiscí uile ar aghaidh chuig Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile.

## *Ballraíocht*

- Tá sé i gceist go ndéanfadh toghlach chomhaltaí Bhord Ginearálta CUSP ionadaíocht leathan ar gach toghlach campais; agus saineolas a sholáthar in oibríochtaí, teagasc & foghlaim, taighde, saol na mac léinn, sláinte agus folláine, nádúr agus éiceachórais, margaíocht, cumarsáid, rannpháirtíocht agus pobal.
- Le go dtiocfaidh comhalta nua isteach ar Bhord Ginearálta CUSP, cuirtear moladh faoi bhráid an Chathaoirligh agus ardaítear an moladh mar mhír ar an gclár oibre ag an gcéad chruinniú eile de CUSP le faomhadh ag na comhaltaí.

- Tá na comhaltaí seo a leanas ar Bhord Ginearálta CUSP:-1
    - Cathaoirleach/Cathaoirligh
    - Rúnaí (Oifigeach Inbhuanaitheachta)
    - Ionadaí ón Tionscnamh Eolais Pobail
    - Suas le beirt Ionadaithe ó Ghrúpaí Pobail Áitiúla
    - Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn agus Leas-Uachtarán ainmnithe
    - Triúr Ionadaithe ó Chumainn na Mac Léinn (le hainmniú ag Cathaoirleach Chumainn na Mac Léinn)
    - Stiúrthóir na Cuntasaíochta Airgeadais
    - Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn
    - Oifigeach Sinsearach Margaíochta
    - Oifigeach Nuálaíochta agus Rannpháirtíochta
    - Ionadaí ó Sheirbhísí Faisnéise
    - An Bainisteoir Seirbhísí Tráchtála
    - Oifigeach Sábháilteachta & Sláinte Comhshaoil
    - An Ceannasaí Bainistíochta Saoráidí & Seirbhísí
    - An Ceannasaí Seirbhísí Tacaíochta Gnó
    - An Ceannasaí Seirbhísí Foirgníochta, Fóntas agus Fuinnimh
    - Stiúrthóir Cúnta, Oibríochtaí Eastát
    - Ionadaí/ionadaithe ó gach Scoil
    - Ionadaí ó gach Institiúid Taighde (Institiúid Uí Riain, Institiúid Whitaker don Nuálaíocht agus Athrú Sóisialta, Institiúid de Móra do Thaighde sna Daonnachtaí agus sa Léann Sóisialta, Institiúid Chúrsa an tSaoil, an Institiúid Eolaíochta Sonraí, an tIonad Náisiúnta Eolaíochta Innealtóireachta Bithleighis)

- Ó Bhord Ginearálta CUSP, roghnófar ceannaire do gach ceann de na grúpaí oibre:
        - Taighde & Foghlaim
        - Nádúr & Éiceachórais
        - Fuinneamh & Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa
        - Sláinte & Folláine
        - An Timpeallacht Thógtha
        - Rialachas & Ceannaireacht
        - Cumarsáid & Rannpháirtíocht (ag trasnaíl gach grúpa oibre)

---

1 Tá sé i gceist d'aon ghnó an bhallraíocht leathan seo a bheith uilechuimsitheach agus ag léiriú cur chuige iomlánaíoch campais/institiúideach i leith inbhuanaitheachta a leagtar amach i Straitéis CUSP.

# Bord Feidhmiúcháin CUSP

## *Cuspóir*

- Ionadaíocht a dhéanamh ar Bhord Ginearálta CUSP ar Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile.
- Fóram a sholáthar trínar féidir leis an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí/nó ionadaí comhairle agus moltaí a lorg ó cheannaireacht shinsearach ar an gcampas maidir le prionsabail agus polasaithe inbhuanaitheachta a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun an campas a threorú.
- Freagracht riaracháin, cinnteoireacht agus pleanáil a dháileadh ar Chomhaltaí Bhord Ginearálta CUSP.
- Straitéisí buiséid agus maoinithe a athbhreithniú agus a mheasúnú chun tacú le hinbhuanaitheacht agus chun an plean straitéiseach a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí le haghaidh mórthionscnamh inbhuanaitheachta campais agus moltaí a chur faoi bhráid Bhord Ginearálta CUSP.

## *Eagrú*

- Tá Cathaoirleach Bhord Ginearálta CUSP ina chathaoirleach ar Bhord Feidhmiúcháin CUSP.
- Is fochoiste de Bhord Ginearálta CUSP é Bord Feidhmiúcháin CUSP.
- Cuireann Bord Ginearálta CUSP agus Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile comhairle ar Bhord Feidhmiúcháin CUSP maidir le gach ábhar a bhaineann le tiomantas na hOllscoile d’inbhuanaitheacht.
- Buaileann Bord Feidhmiúcháin CUSP le chéile uair amháin ar a laghad idir cruinnithe de Bhord Ginearálta CUSP.

## *Ballraíocht*

- Beidh na comhaltaí seo a leanas ar Bhord Ginearálta CUSP:
    - Cathaoirleach/Cathaoirligh Bhord Ginearálta CUSP.
    - An tOifigeach Inbhuanaitheachta
    - Beirt Chomhaltaí breise de Bhord Ginearálta CUSP, tofa ó bhallraíocht Bhoird Ghinearálta CUSP agus go hidéalach cuirfidh siad isteach dhá bhliain ar a laghad.
- Ar éirí as oifig, cuirfidh an Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin CUSP an Cathaoirleach/na Cathaoirligh ar an eolas. Ansin toghfaidh Bord Ginearálta CUSP duine eile de na comhaltaí chun an chuid eile den téarma seirbhíse reatha a chur isteach.

# Oifigeach Inbhuanaitheachta

## *Cuspóir*


I gcomhar leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, Sparánaí (nó ainmní), Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh, Bord Ginearálta CUSP agus Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile, déanfaidh an tOifigeach Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile an méid seo a leanas:-

- Príomhról a ghlacadh i gcur i bhfeidhm Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2017-2012 agus aon straitéisí eile ina dhiaidh sin.
- Coistí ar fud na hollscoile a eagrú le foireann CUSP, Oifig na bhFoirgneamh, Riarthóirí Sinsearacha, Déin, Cinn Scoile agus foireann acadúil agus theicniúil eile, ionadaithe Chomhaltas na Mac Léinn agus Scoileanna, chun polasaí a fhorbairt agus oibríochtaí inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ar fud OÉ Gaillimh.
- Caidrimh a chothú le comhaltaí foirne lárnacha chun a chinntiú go gciallóidh a bhfreagracht sna 20 réimse tosaíochta go mbeidh cleachtais inbhuanaithe leabaithe ann faoi dheireadh na Straitéise Inbhuanaitheachta, 2017-2020.
- Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh a chruthú agus a chur i bhfeidhm tar éis 2020 le tacaíocht ó Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile, Bord Ginearálta CUSP agus pobal leathan na hollscoile agus na pobail áitiúla.
- Comhoibriú le comhaltaí foirne acadúla lárnacha i ngach disciplín chun cláir theagaisc, taighde agus nuálaíocht a bhaineann le hinbhuanaitheacht a mhaoirsiú agus a fhorbairt.
- Oibriú leis an Oifig Taighde agus leis na hInstitiúidí Taighde chun cuidiú le comhaltaí foirne acadúla luath ina ngairm leas a bhaint as deiseanna maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh taighde inbhuanaitheachta.
- Oibriú le foireann CKI agus le Comhaltas na Mac Léinn chun obair dheonach tras-ollscoile, mac léinn-treoraithe, atá nasctha leis an bpobal chun athrú iompraíochta a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm.
- Acmhainn a fhorbairt i gcleachtais inbhuanaitheachta trí uirlisí agus treoirlínte ar líne a úsáid (e.g. Córas Rianaithe, Measúnaithe agus Rátála Inbhuanaitheachta) d'ollscoileanna, á saincheapadh do OÉ Gaillimh, ag forbairt uirlisí nua chun gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a bhrostú, agus tagarmharcáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí OÉ Gaillimh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr.
- Méadrachtaí cainníochtúla a fhorbairt, le cabhair ón saineolas atá cheana féin i gcuntasaíocht, chun coigilteas airgeadais agus ioncam a léiriú do OÉ Gaillimh ó ghníomhaíochtaí an Oifigigh Inbhuanaitheachta.
- Oibriú le Riarthóirí Sinsearacha (e.g. Cuntasaíocht Airgeadais) chun tuarascálacha dea-chleachtais idirnáisiúnta a fhorbairt ina sonraítear gnóthachtálacha OÉ Gaillimh i bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach.
- Tuarascálacha bonnlíne a sholáthar ar iarrachtaí reatha, ag léiriú spriocanna agus straitéisí feabhsúcháin a chur in iúl, agus pleananna oibríochta, spriocanna agus tionchair bhliantúla ar líne a fhoilsiú d'fhonn uaillmhian OÉ Gaillimh a chur chun cinn maidir le bheith ina cheannasaí inbhuanaitheachta.

- Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a fhorbairt le gníomhaithe seachtracha áitiúla, go háirithe Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí ar OÉ Gaillimh, agus tionscal áitiúil agus pobail ar spéis leo réitigh phraiticiúla inbhuanaitheachta.
- Cumarsáid sheachtrach straitéis inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh a stiúradh agus a chinntiú go samhlaítear branda na hollscoile le coincheap na hinbhuanaitheachta.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar OÉ Gaillimh i líonra forásach na n-ollscoileanna a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn, chomh maith le spriocanna na Straitéise Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar Ambasadóir inbhuanaitheachta san Ollscoil.

## *Eagrú*

- Cé go mbeidh cruinnithe go minic ag sealbhóir an phoist (e.g. gach coicís) le Cathaoirleach Bhord Ginearálta CUSP, beidh an post lonnaithe in Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí agus tuairisceoidh sealbhóir an phoist don Uachtarán Ionaid mar Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach na hOllscoile agus na hInbhuanaitheachta (*féach Fíor 2 Struchtúr Tuairiscithe SO*).
- Oibreoidh an SO go díreach leis an bPríomhoifigeach Oibríochtaí, Sparánaí (nó ainmní), Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh agus Ionadaithe Bhord Ginearálta CUSP ar gach ábhar a bhaineann le hinbhuanaitheacht an champais.
- Tacóidh an SO go díreach le hobair Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile mar chomhalta ionadaíoch de Bhord Ginearálta CUSP.
- Beidh sealbhóir an phoist i dteagmháil le Stiúrthóir Seirbhísí do Mhic Léinn, Déin na gColáistí agus Cinn Scoile, Oifig na bhFoirgneamh agus na nEastát, an Oifig Taighde, Riarthóirí Sinsearacha in OÉ Gaillimh, ionadaithe Chomhaltas na Mac Léinn agus CKI, an Stiúrthóir Cuntasaíochta Airgeadais, an Oifig Margaíochta agus iad siúd freagrach as inbhuanaitheacht i ngníomhaireachtaí poiblí seachtracha, e.g. Saolta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, chun a chinntiú go gcuirfear Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh, 2017-2020 i bhfeidhm agus an chéad cheann eile a chur le chéile.



*Fíor 2: Struchtúr Tuairiscithe SO*